V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10741 – HG / EFMS / TA / IFS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 219/02)

1. An 30 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hg Capital LLP ("Hg", an Ríocht Aontaithe),

— TA Associates Management LP ("TA", na Stáit Aontaithe),

— EQT Fund Management S.à r.l ("EFMS", Lucsamburg),

— Impala Bidco S.à r.l. ("IFS", Lucsamburg), faoi rialú EFMS agus TA faoi láthair.

Gheobhaidh Hg, TA, agus EFMS rialú comhpháirteach ar IFS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh speisialaithe é Hg a fhéachann le gnólachtaí bogearraí agus seirbhísí inbhuanaithe a fhás. Díríonn Hg ar infheistíochtaí san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe agus tá oifigí infheistíochta aige i Londain, in München agus i Nua-Eabhrac.

— Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT VIII agus EQT IX, cistí infheistíochta príobháideacha atá mar chuid de ghrúpa cistí infheistíochta EQT ("EQT"). Is eagraíocht infheistíochta dhomhanda cuspóirbhunaithe í EQT atá dírithe ar straitéisí úinéireachta gníomhaí.

— Is gnólacht cothromais phríobháideach é TA atá dírithe ar earnálacha spriocdhírithe laistigh de theicneolaíocht, cúram sláinte, seirbhísí airgeadais, seirbhísí tomhaltóra agus gnó i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áis.

— Is cuideachta phunainne de chuid EFMS agus TA í IFS faoi láthair agus forbraíonn sí bogearraí gnó do chustaiméirí atá gníomhach i raon earnálacha tionscail, a dhéanann earraí a mhonarú agus a dháileadh, a choinníonn sócmhainní agus a bhainistíonn oibríochtaí seirbhís-dhírithe. Soláthraíonn IFS freisin réitigh néalbhunaithe Bogearraí-mar-Seirbhís don tseirbhís allamuigh, seachadadh an mhíle deiridh agus tionscail lóistíochta.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10741 – HG / EFMS / TA / IFS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.